

Cumann na bPáistí Lag-inteanach agus Mí-Chumasach Meabhrach

Bunaíodh brainse de chumann na bpáistí lag-intinneach agus mí-chumasach meabhrach i gceantar Chois Fharraige faoi Cháisc na bliana 1988. Siad seo a leanas an coiste a toghadh:

Cathaoirleach: Antoine Ó Loinsigh
 Rúnaí: Caitlín Nic an Ultaigh
 Cistcoirí: Mattie Ó Fátharta
 Caitlín Uí Chonghaile
 Baill den Choiste: Máire Uí Shrutháin
 Máire Ní Churraidhín
 Máirtín Jamsie Ó Flatharta
 Peadar Ó Fátharta

Bunaíodh Craobh Chois Fharraige le tacaíocht a thabhairt don Choiste Réigiúnach a thugann cabhair

agus colas do pháistí agus do na tuismitheoirí atá ag iarraidh an chabhair sin.

D'eagraigh Craobh Chois Fharraige oícheanta ceoil i rith na bliana seo caite - Tigh Chuláin, Coill Rua agus Tigh Terry, Ros a'Mhíl. Bailíodh £1,200 agus tugadh é seo do Dan Quaid, Oifigeach Chaidreamh Poiblí an Chraobh Réigiúnach. Thug an Craobh áitiúil cúnamh i mbailiú síntiús ó chuile theach sa gceantar a reachtáiltear gach bliain. Bailíodh £680 ar an mbealach seo.

Glacann an Coiste áitiúil buíochas ó chroí le chuile dhuine a thug tacaíocht agus cúnamh dúinn i rith na bliana.

Antoine Ó Loinsigh



Leads bheaga atá anois ina leads mhóra.
 Tógtha taobh amuigh den Ghairmscoil in Indreabhán.

An Scéim Fostaíochta Sóisialta

Níl a fhios agam ar casadh síos ar an Áill Fhinn le gairid thú. Ní go dtí an reilig is mó atá deifir ar aon duine ach, ar ndóigh, olc maith linn é, caithfidh chuile dhuine cuairt a thabhairt ar an ngarraí sin, más de shiúl a chos nó in aghaidh a chos é.

Níl aon bhóthar sa bparóiste is mó a bhfuil buladh ar ná ar bhóthar na reilige agus nuair a bhíodh sochraide mhór ann bhíodh sé ina bhrú brú sa gcárnán ag carranaí ag iarraidh a' dhul thar a chéile.

Bhuel, tá slacht bhreá curtha anois air ag na lads atá ag obair ar an Scéim Fostaíochta. Tá na sclaigeanna a bhí chaon taobh an bhóthair líonta agus brat breá gainimh curtha ar an mbóthar isteach sa reilig fhéin. Bhailigh siad as an carnán clocha a bhí taobh istigh den gheata agus chuile chineál dramhaíl eile dhá raibh timpeall na háite. B'fhiú ómós mairbh an cheantair seo. Níor sparáil siad a gceithre cnámh le linn an tsaoil agus d'fhág siad ceantar álainn mar uachta againne. Sé an rud is lú dhúinn an garraí a bhfuil a gcnámh sínte ann a choinneáil pointeáilte.

Tá tús maith déanta ag lucht na scéime agus má bhreathnaíonn chuile dhuine amach de uaigh a mhuintire beidh údar broid againn mar pharóiste.

Siad na lads céanna a fheiceann sibh ag obair ar an sean-scoil. Tá slacht le tabhairt faoi ndeara cheana

féin, sconsa breá cloch á áththógail le bóthar agus balla na sean-scoile á ghlanadh anuas. ~~Sin~~ é an déanamh ar a lads, é dhéanamh sibh fhéin. Bhí an sean-scoil céanna sach fada ina hábhar náire ar shúil an bhóthair agus ach oiread le háit, á dtoigfeadh caint í is fadó a bheadh díon uirthi. Tá na lads seo ag obair leo de réir a láimhe gan gleo gan torann. ach tá slacht le feiceáil ar an gceantar de bharr a gcuid oibre. Is scéim den chineál céanna a rinne an obair mhór bhreá timpeall ar pháirc peile Mhichíl Breathnaigh le cúpla bliain anuas. Tá corr dhuine ann, ar ndóigh, a bhreathnaíonn go droch-mheasúil ar scéim den chineál seo ach beidh lorg láimhe na bhfear atá ag obair ar an scéim ina chuid suntais sa bparóiste nuair nach mbeidh lorg na láimhe den chuid is mó againn fanta.

Má bhíonn do bhealach thar an tsean-scoil nó thar aon áit á bhfuil siad ag obair, cuir bail ó Dhia orthu agus treaslaigh a saothar leo ach ar chraiceann do chlúaise ná bí ag frithmhagadh faoi an obair mar deirtear an té a bhíonn ag magadh bíonn a leath faoi fhéin.

Is iad an Comharchumann agus na coistí áitiúla a eagraíonn na scéimeanna go háitiúil agus tá fíorchúnamh le fáil ó Údarás na Gaeltachta agus ón eagraíocht FÁS.

Joe Steve



Breá, láidir, scafánta.
 Pictiúr a tógadh i gceantar an Tí Mhoir scath maith blianta ó shoin.